



**An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

## **Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí**

Comórtas Oscailte don phost:

**Bainisteoir Rannpháirtíochta agus Rannpháirteachais Saoránach**

**(Conradh 5 bliana ar Théarma Seasta)**

**(Clár Éire Ildánach)**

**sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus  
Meán**

**Dáta Deiridh: 3.00pm 24ú Feabhra 2023**

Tá comhionannas deiseanna de pholasaí daingean ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Rithfidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an comórtas seo i gcomhréir le Cóid agus le Gnáis na gCoimisinéirí um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Tá na Cóid Iompair sin foilsithe ag an gCoimisiún agus iad ar fáil ar [www.cpsa.ie](http://www.cpsa.ie)

---

**Comhfhreagras:** Aonad AD na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ag [personnel@tcagsm.gov.ie](mailto:personnel@tcagsm.gov.ie)

## Réamhrá

Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán thar ceann Éire Ildánach ag iarraidh duine, a bhfuil taithí chuí aige nó aici, a earcú ina Bhainisteoir Rannpháirtíochta agus Rannpháirteachais Saoránach ar chonradh cúig bliana ar théarma seasta.

## An Roinn

Is é misean na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán forbairt inbhuanaithe na Turasóireachta a stiúradh agus rannpháirtíocht in Earnálacha an Chultúir, na nEalaíon, na Gaeltachta, an Spóirt agus na Meán a chur chun cinn ag tacú le dul chun cinn sóisialta, agus ag cur le fás cultúir agus eacnamaíochta ar fud shochaí na hÉireann.

Is féidir tuilleadh eolais faoin Roinn a fháil [anseo](#).

## Éire Ildánach

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhíneithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith *ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.*

Is é fíis Chlár Éire Ildánach 2023 - 2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fáil agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanann Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus trí chomhpháirtíocht. Cuireann sé tuiscint ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn - cé acu ar thríd na healaíona, an cultúr, an oidhreacht agus tríd na tionscail chruthaitheachta i gcoitinne. Tá cúig cholún leis an gclár agus tá réimse leathan oibre ag gach ceann acu:

- Óige Ildánach
- Pobail Ildánacha
- Tionscail Ildánacha
- Sláinte agus Folláine Ildánach
- Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Is éard atá i gcroílár Chlár Éire Ildánach ná rannpháirteachas agus rannpháirtíocht a mhéadú agus na deiseanna is leithne agus is féidir a chur ar fáil do léiriú cultúir agus cruthaitheachta.

Tá an cur chuige ar cheann comhoibrithe ag gach leibhéal. Áirítear leis sin ar fud ranna rialtais, laistigh de 31 údarás áitiúil agus tá ealaíontóirí aonair agus an earnáil cultúir, cruthaitheachta agus oidhreachta i gcoitinne, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, an tsochaí agus grúpaí sibhialta ag déanamh ionadaíocht do na daoine is imeallaithe sa tsochaí. Ón mbliain 2023 ar aghaidh beidh gné Oileán Comhroinnte ag an gclár agus nascfar an clár le grúpaí pobail agus leis an tsochaí shibhialta i dTuaisceart Éireann.

Is féidir tuilleadh sonraí faoi Chlár Éire Ildánach a fháil ag na naisc seo a leanas:

<a href="https://www.creativeireland.gov.ie/">https://www.creativeireland.gov.ie/</a>	<a href="https://www.instagram.com/creativeireland/">https://www.instagram.com/creativeireland/</a>
<a href="https://cruinniu.creativeireland.gov.ie/">https://cruinniu.creativeireland.gov.ie/</a>	<a href="https://twitter.com/creativeirl/">https://twitter.com/creativeirl/</a>
<a href="https://www.facebook.com/CreativeIrl/">https://www.facebook.com/CreativeIrl/</a>	

## **An Ról agus na Freagrachtaí a bhaineann leis an bPost**

Is é ról an Bhainisteora Rannpháirtíochta agus Rannpháirteachais Saoránach tacaíocht a thabhairt chun clár rannpháirtíochta Éire Ildánach, atá forleathan agus ann ar feadh na bliana, a chur ar fáil. Beidh an sealbhóir poist ag obair leis an lucht ardbhainistíochta agus in éineacht le pearsanra na Roinne ar réimsí éagsúla lena n-áirítear beartas a cheapadh, anailís straitéiseach, bainistiú cláir, ceannaireacht tionscadail, maoirseacht bhuiséid agus rialachas corparáideach. Tá na nithe seo a leanas riachtanach don iarratasóir:

- Straitéis leathan rannpháirtíochta a fhorbairt do Chlár nua Éire Ildánach i gcomhar le haonad an chlár agus leis an roinn i gcoitinne; scéal thar a bheith spéisiúil a chruthú chun na tionchair phearsanta a léiriú maidir leis an gcruthaitheacht ar fud beartais agus straitéisí rialtais, agus foilseacháin agus tionscnaimh ghaolmhara.
- Clár rannpháirtíochta ar bhonn náisiúnta a chur ar fáil do *Chruinniú na nÓg* – lá náisiúnta na hÉireann de ghníomhaíochtaí cruthaitheachta saor in aisce do leanaí agus do dhaoine óga - a reáchtáiltear gach bliain i Meitheamh. (Tá tuilleadh eolais faoin gCruinniú [anseo](#)). Is éard is aidhm leis ná freastal ar dhaoine óga agus ar a dteaghlaigh agus an deis atá a bheith páirteach ann a chur in iúl. Is éard atá i gceist leis sin ná feachtais agus preasócáidí na meán cumarsáide áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta agus clár forleathan meán sóisialta a chomhordú ar fud Facebook, Twitter, Instagram, Tik Tok etc.
- Imeachtaí a bhaineann le réimsí difriúla oibre a eagrú agus a chur chun cinn lena n-áirítear comhdhálacha a bhfuil líonra leathan páirtithe leasmhara maidir le colúin clár ar leith acu;<sup>1</sup> seoltaí tuarascálacha agus taighde acadúil a

<sup>1</sup> [Comhdháil Óige Ildánach](#) agus [Comhdháil Sláinte agus Folláine Ildánach](#)

coimisiúnaíodh sa Chlár; láithreachta ag mórimeachtaí poiblí amhail an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, etc. Freagracht a ghlacadh as imeachtaí a bhainistiú agus a chur ar fáil ar bhonn lóistíochtúil lena n-áirítear idirchaidreamh ionaid, fógraí imeachtaí agus ábhair chlóite a chur i dtoll a chéile.

- Oibriú le *Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta* i ngach údarás áitiúil chun an nuacht agus an rannpháirtíocht a bhaineann le himeachtaí atá maoinithe faoi *Phobail Ildánacha* a uasmhéadú. Is éard is sprioc leis ná níos mó rannpháirteachais i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta faoi stiúir an phobail a spreagadh sa cheantar.
- Cainéil dhigiteacha Éire Ildánach a bhainistiú ó lá go lá agus freagracht a ghlacadh as treoirlínte branda a chur i bhfeidhm i gcomhréir le chéile mar chuid de threoirlínte Sheirbhís Faisnéise an Rialtais.
- Caidrimh soláthraithe tríú páirtí a sholáthar agus a bhainistiú agus tacú leis an bhfoireann cumarsáide sa Roinn de réir mar is gá.

## **Riachtanais Bhunriachtanacha**

Ní mór d'iarrthóirí na riachtanais seo a leanas a shásamh:

- Taithí shuntasach (5+ bliana) ag oibriú i ról atá ábhartha don phost seo san earnáil neamhspleách cruthaitheachta. D'fhéadfadh, mar shampla, taithí sna réimsí ealaíon, cultúir, iarsmalann, oidhreacht, leabharlann, forbartha pobail nó an réimse forbartha eacnamaíochta inbhuanaithe a bheith i gceist.
- Cumas léirithe go bhfuil sé/sí in ann cumarsáid a dhéanamh go soiléir, ó bhéal agus sa scríobh, agus scileanna a bheith aige/aici i bpreasráitis agus blaganna do láithreáin ghréasáin a dhréachtú, in ábhair bholscaireachta a phrofaíl agus a chur i dtoll a chéile.
- Cruthúnas láidir a léiríonn gur éirigh go maith leis/léi i mbainistiú na bpáirtithe leasmhara, scileanna idirphearsanta a bheith aige/aici agus an cumas obair a dhéanamh laistigh de sprioc-amanna dochta.
- Eolas láidir is féidir a léiriú ar uirlisí cumarsáide agus rannpháirtíochta lena n-áirítear margaíocht chomhtháite agus straitéisí cumarsáide, caidreamh poiblí, margaíocht dhigiteach.
- Eolas is féidir a léiriú ar bheartais ábhartha náisiúnta chultúir.
- An cumas tascanna a chur in ord tosaíochta laistigh d'fhéilire gnóthach agus timpeallacht oifige.
- Eolas ar obair na Roinne agus eolas go háirithe mar a oireann misean agus fíis Chlár Éire Ildánach d'éiceachóras cultúir na hÉireann i gcoitinne.

**Beifear ag súil go mbeidh iarrthóirí ábalta na hinniúlachtaí seo a leanas a theastaíonn ó ról an Bhainisteora Rannpháirtíochta agus Rannphárteachais Saoránach a léiriú freisin.**

<b>Ceannaireacht</b>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuireann go gníomhach le forbairt straitéisí agus pholasaithe na Roinne/an Chláir</li> <li>• Bíonn fócas agus díocas i gceist maidir le hardleibhéil feidhmíochta a bhaint amach agus a choinneáil, ag dul i ngleic le fadhbanna feidhmíochta ar bith de réir mar a thagann siad aníos</li> <li>• Stiúrann ionchur na foirne ina iomláine agus baineann an oiread leas as agus is féidir as</li> <li>• Déanann éifeachtacht torthaí a mheas i gcomhthéacs níos leithne ná an réimse a bhaineann go díreach leis</li> <li>• Sonraíonn cuspóirí/ spriocanna go soiléir agus roinneann cúraimí go héifeachtach, ag moladh go nglacfaí úinéireacht agus freagracht as tascanna</li> <li>• Forbraíonn cumas daoine eile trí aiseolas a thabhairt, cóitseáil a dhéanamh &amp; deiseanna i leith forbairt scileanna a chruthú</li> <li>• Aithníonn agus tapaíonn deiseanna chun tairbhe a bhaint as cainéil seachadta seirbhíse nua agus nuálacha</li> </ul>
<b>Breithiúnas, Anailís &amp; Cinnteoireacht</b>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Déanann miontaighde ar cheisteanna, téann i gcomhairle le daoine eile de réir mar is gá chun an fhaisnéis uile a theastaíonn ar cheist a bhailiú</li> <li>• Tuigeann ceisteanna casta go sciobtha, súnn isteach sonraí (lena n-áirítear sonraí uimhriúla) agus déanann measúnú orthu go beacht</li> <li>• Comhtháthaíonn snáithe faisnéise éagsúla, ag aithint idirghaolmhaireachtaí agus nasc</li> <li>• Baineann leas as breithiúnas chun cinntí soiléire, tráthúla a bhfuil go leor fianaise taobh thiar díobh a dhéanamh ar shaincheisteanna tábhachtacha</li> <li>• Déanann na himpleachtaí, tosaíochtaí agus ceisteanna níos leithne a bhaineann le cinntí a mheas, mar aon leis an tionchar a bheidh ag na cinntí ar pháirtithe leasmhara éagsúla</li> <li>• Glacann seasamh daingean ar cheisteanna a mheasann sé/sí a bheith tábhachtach</li> </ul>
<b>Bainistíocht &amp; Seachadadh Torthaí</b>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Glacann freagracht as tascanna dúshlánacha agus déanann an beart in am agus ar ardchaighdeán</li> <li>• Leagann obair amach agus cuireann obair in ord tosaíochta de réir tábhachta, amlínte agus srianta acmhainne eile, agus athraíonn an t-ord tosaíochta de réir mar is gá i bhfianaise cúinsí atá ag athrú</li> <li>• Cinntíonn go mbíonn seirbhís éifeachtach ardchaighdeáin do chustaiméirí lárnach d'obair an rannáin</li> <li>• Scrúdaíonn ceisteanna go géar le teacht ar bhealaí níos fearr le nithe a dhéanamh</li> <li>• Oscailte do smaointe, tionscnaimh agus réitigh chruthaitheacha nua ar fhadhbanna</li> </ul>

- Cinntíonn go bhfuil rialuithe agus bearta feidhmíochta i bhfeidhm chun seirbhísí éifeachtacha ardluacha a chur ar fáil
- Bainistíonn tionscadail iomadúla go héifeachtach ag an am céanna

### **Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide**

- Cuireann faisnéis i láthair ar bhealach muiníneach, loighciúil agus áititheach, ó bhéal agus i scríbhinn
- Cothaíonn plé oscailte fiúntach maidir le ceisteanna oibre
- Cuireann obair foirne chun cinn laistigh den rannán, ach oibríonn go héifeachtach ar thionscadail ar fud Ranna / Rannán chomh maith
- Coinníonn guaim agus smacht agus é ag obair chun tionchar a imirt ar dhaoine eile
- Cothaíonn béim láidir ar Sheirbhís do Chustaiméirí ina réimse oibre
- Forbraíonn líonra teagmhálaithe agus coimeádann é, d'fhonn réiteach fadhbanna nó roinnt faisnéise a éascú
- Déanann teagmháil éifeachtach le raon páirtithe leasmhara, lena n-áirítear daoine den phobal, Comhghleacaithe sa tSeirbhís Phoiblí agus an córas polaitíochta

### **Díocas & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí**

- Duine féin-spreagtha a léiríonn fonn a bheith ag feidhmiú ar ardleibhéal i gcónaí
- Duine macánta agus iontaofa ar féidir brath air
- Cinntíonn go bhfuil an saoránach lárnach do na seirbhísí ar fad a chuirtear ar fáil  
Trí cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla, cothaíonn na caighdeáin is airde eitice agus ionracais

### **Eolas Speisialtóra, Saineolas & Féinfhorbairt**

- Tuiscint soiléir ar na ról, cuspóirí agus spriocanna atá aige féin agus ag an bhfoireann, agus ar mar a thagann siad le hobair an aonaid agus na Roinne
- Leithead agus doimhneacht faisnéise aige ar an Roinn agus ar cheisteanna Rialtais agus tuisceanach ar thosaíochtaí polaitíochta agus eagraíochta i gcoitinne
- Measann páirtithe leasmhara ina réimse féin gur saineolaí é
- Dírithe ar fhéinfhorbairt, aiseolas a lorg agus ar dheiseanna forbartha chun cuidiú leis riachtanais sonracha an ról a chomhlíonadh

## **Incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas**

### **Sláinte**

Ní mór d'iarrthóirí agus aon duine a bheidh i seilbh na hoifige, a bheith iomlán inniúil agus ábalta tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an oifig agus a bheith i riocht maith sláinte, riocht a léireodh go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go mbeidh siad ábalta seirbhís rialta éifeachtach a chur ar fáil.

### **Carachtar**

Ní mór dea-charachtar a bheith ag iarrthóir agus aon duine a bheidh i seilbh na hoifige.

### **Riachtanais Saoránachta**

Ní mór d'iarrthóirí Incháilithe:

(a) A bheith ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Is éard atá in LEE ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

(b) a bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó

(c) a bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhua an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó

(d) a bheith ina saoránach nach saoránach de chuid an LEE é atá ina chéile nó leanbh ag saoránach LEE nó saoránach de chuid na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 aige; nó

(e) Duine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta bronnta air faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall den teaghlach atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó

(f) Saoránach neamh-LEE atá ina thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá ina shaoránach, agus atá ina chónaí, i mballstát LEE, sa Ríocht Aontaithe nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige.

**Chun cáiliú, ní foláir d'iarrthóirí ceann de na critéir saoránachta thuasluaite a shásamh faoin dáta a dtairgtear an post.**

### **Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí**

Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex gratia le Seirbhísigh Phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra. Tá de choinníoll faoin gComhaontú Comhchoiteann nach mbeidh an té a thapaíonn socrú faoin gcomhaontú sin incháilithe maidir le hathfhostú sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (faoi mar a thugtar sainmhíniú ina leith sin sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) go ceann tréimhse dhá bhliain ó dhéantar an

fhostaíocht a fhoirceannadh. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an Scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

### **An Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER):**

Is coinníoll é de chuid na Scéime Dreasachta Luathscoir mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais nach bhfuil daoine atá ar scor, faoin Scéim sin, incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá réir sin, ní féidir le daoine a chuaigh ar scor ar an gcaoi sin cur isteach ar an bpost seo.

### **Ciorclán (7/2010) ón Roinn Sláinte agus Leanaí:**

Tugadh isteach an Scéim Spriocdhírithé um Luathscoir Deonach (LD) agus na Scéimeanna um Iomarcaíocht Dheonach (SID) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Tá de choinníoll faoin Scéim SSLD nach mbeidh duine a bhaineann leas as an scéim incháilithe maidir le hathfhostú in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí go ginearálta ná in aon chomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó ar an mórgóir as cistí poiblí. Tá cosc den chineál céanna ar athfhostú i gceist leis an scéim SID, ach leanann an toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana sa chás sin. Ní bheidh daoine a bhain leas as an scéim SID incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Beidh ar aon duine a bhain leas as an scéim SID agus a n-éiríonn leis/léi sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (go bhfuil deireadh leis an tréimhse neamhcháilitheachta).

### **An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Litir Ciorcláin LG(P) 06/2013)**

Tugadh isteach Scéim um Iomarcaíocht Dheonach le haghaidh Údarás Áitiúil le Litir Ciorcláin LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá leagtha amach thuas, is coinníoll ar leith de chuid na Scéime SID é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú in aon eagraíocht de chuid na seirbhíse poiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 go 2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] go ceann tréimhse 2 bhliain ó dháta scoir faoin Scéim sin.

Beidh na coinníollacha seo i bhfeidhm i gcás gur ar bhonn conartha i gcomhair seirbhíse (bíodh sé sin mar chonraitheoir nó mar fhostaí chonraitheora) atá an fostú/an fhostaíocht.

### **Dearbhú:**

Éileofar ar iarratasóirí a dhearbhú cibé ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí cheana féin. Éileofar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú i gcás go bhfuair siad íocaíocht ionaid maidir le seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.



## Na Príomhchoinníollacha Seirbhíse

### Ginearálta

Is ceapachán chuig post sealadach sa Státseirbhís é an ceapachán agus tagann sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005, an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm de thuras na huaire agus a bhaineann leis an Státseirbhís.

### Pá

Mar seo a leanas an tuarastal RPP (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin) don phost seo le héifeacht ón **1 Deireadh Fómhair 2022**:

€77,144.00   €79,534.00   €81,963.00   €84,383.00   €86,803.00

€89,682.00(NMAX)   €92,959.00 (LSI1)   €96,238.00 (LSI2)

Bíonn ráta pá an RPP i bhfeidhm nuair a éilítear ar an duine aonair Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht phríomhscéime freisin) de réir rialacha na príomhscéime aoisliúntais/na scéime aoisliúntais pearsanta atá aige. Tá sé seo difriúil le ranníocaíocht maidir le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC).

Beidh ráta difriúil i bhfeidhm sa chás nach gceanglaítear ar an té a cheaptar Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha i ndiaidh 3(LSI-1) agus 6(LSI-2) bliana de sheirbhís shásúil a chur i gcrích ag leibhéal uasta an scála.

### Nóta Tábhachtach

Is ag leibhéal íosta an scála a thosóidh an té a cheapfar agus ní bheidh an ráta luacha saothair faoi réir idirbheartaíochta. D'fhéadfaí é a athrú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha ar leith a bheith i gceist i gcás duine atá ag fónamh ina státseirbhíseach nó ina s(h)eirbhíseach poiblí faoi láthair.

D'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais faoi réir feidhmíocht shásúil.

Aontóidh iarrthóirí a n-éireoidh leo go ndéanfaidh siad aon ró-íocaíocht ar thuarastal, liúntais nó costais a aisíoc de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochta Tuarastail, Liúntas agus Caiteachais a rinneadh le Baill Foirne/Iar-Bhaill Foirne/Pinsinéirí.

## **Sealbhaíocht an Phoist agus Promhadh**

Tá ceapachán don phost seo ar chonradh sealadach ar théarma seasta ar feadh tréimhse suas go dtí 5 bliana ó dháta an cheapacháin. Beidh ar an iarrthóir, ar éirigh leis nó léi, tréimhse phromhaidh 12 mí a dhéanamh.

Tá an ceapachán faoi réir foirceannadh ag am ar bith ag ceachtar den dá thaobh i gcomhréir leis na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005. Sa chás go dtarlaíonn mí-iompar tromchúiseach, is féidir an fhostaíocht a fhoirceannadh ag am ar bith gan fógra ar bith agus gan pionós ar bith.

Leis an gceapachán seo atá go hiomlán sealadach, níl aon cheart ag gabháil leis stádas buan a bhaint amach (trí bhíthin comórtas teoranta nó bealach eile)

## **Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2015**

Ní bheidh feidhm leis na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2015, maidir le foirceannadh na fostaíochta ar an gcúis amháin go dtéann an conradh promhaidh seo i léig gan a athnuachan.

## **An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997**

Bainfidh téamaí an Achta um Eagraíocht Ama Oibre, 1997, nuair is cuí, don fhostaíocht seo.

## **Ceanncheathrú/Ionad oibre**

Is sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, 8-11 Sráid Lombard, Baile Átha Cliath 2 a bheidh an post seo lonnaithe. Beidh ort taisteal a dhéanamh ó am go ham chun do chuid dualgas a chomhlíonadh.

## **Uaireanta Freastail**

Beidh na huaireanta freastail socraithe ó am go ham ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair an chloig agus 15 nóiméad comhlán ar an meán nó 35 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis uaireanta breise a oibriú ó am go ham de réir mar is réasúnach agus mar is gá chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i gceart, gan na teorainneacha atá leagtha amach sna rialacháin um am oibre a shárú. Mar gheall ar chineál an róil, táthar ag súil go mbeidh tú solúbtha ó thaobh obair a dhéanamh sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine agus ní íocfar as an ragobair sin leat ach beidh am saor in ionad ar fáil.

## **Saoire Bhliantúil**

Saoire bhliantúil 30 lá a ghabhann leis an bpost. Tá an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a thabhairt sa Státseirbhís agus tá sé bunaithe ar sheachtain cúig lá. Níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh ann.

## **Fostaíocht Sheachtrach**

Is post lánaimseartha an post agus ní féidir leis an té a cheaptar dul i mbun cleachtadh príobháideach ná ceangal a bheith aige le haon ghnó seachtrach, a

thagann salach ar aon bhealach ar a chuid/a cuid dualgas oifigiúil féin, a chuireann isteach ar a chuid/a cuid feidhmíochta ná a chuid/a cuid macántachta.

### **Saoire Bhreiteachta**

Pá le linn easnaimh tinnis deimhnithe mar is cuí, mura bhfuil fianaise ar mhíchumas buan don tseirbhís, a bheidh i bhfeidhm ar bhonn pro-rata, i gcomhréir le forálacha na gclárclán saoire tinnis.

Beidh ceangailte ar an oifigeach ag a mbíonn ÁSPC ar ráta Aicme A á íoc sainordú a shíniú lena dtugtar d'údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochar a bhíonn dlite dó faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaí a íoc go díreach leis an Roinn ina bhfuil sé fostaithe. Braithfidh íocaíocht le linn na breoiteachta ar na héilimh chúí a bheith á ndéanamh ag an té a cheapfar le haghaidh sochar árachais shóisialta don Roinn Coimirce Sóisialaí go díreach laistigh den teorainn ama riachtanach.

### **Aoisliúntas agus Scor**

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí a bheidh i réim sa Státseirbhís a chur in iúl tráth a mbeidh an post á thairiscint don iarrthóir a n-éireoidh leis/léi. Go ginearálta, tairgfear ceapachán bunaithe ar bhallaíocht i Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair") a thairiscint do dhuine nár oibrigh riamh roimhe sin sa tSeirbhís Phoiblí. Tá sonraí go léir na Scéime le fáil ar [www.singlepensionscheme.gov.ie](http://www.singlepensionscheme.gov.ie)

Sa chás go raibh an té a cheapfar ag obair i gcáil inphinsin (téarmaí na Scéime neamhaonair) sa tseirbhís poiblí sna 26 seachtaine roimh an gceapachán, nó go bhfuil sé/sí ar shos gairme nó saoire speisialta le pá/gan phá faoi láthair, d'fhéadfadh téarmaí eile a bheith i bhfeidhm. Déanfar teideal pinsin maidir le daoine ceaptha den sórt sin a bhunú i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís poiblí.

Seo a leanas na príomhforálacha a ghabhann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha leis an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, is é sin 66 bliain d'aois i láthair na huaire.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na Scéime dul ar scor nuair a bheidh 70 bliain d'aois slánaithe acu.
- Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn pinsean agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a uasráitail gach bliain trí thagairt don Phraghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI)).
- Bíonn ardú ar an bpinsean tar éis dul ar scor ceangailte leis an CPI

### **Laghdú Pinsin**

- Sa chás go raibh an té a cheaptar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís

Poiblí, nó sa chás go gcuirtear tús le híocaíocht pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí leis/léi i rith a t(h)réimhse athfhostaíochta, beidh an pinsean sin **faoi réir lacáiste** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair ar aird: Trí iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, glacann tú leis go dtuigeann tú go mbeidh na forálacha lacáiste i bhfeidhm, nuair is ábhartha. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaíochta le hiarratas ar tharscaoileadh lacáiste maidir le ceapacháin sa phost seo.**

- Mar sin féin, sa chás go raibh an té a cheapfar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus pinsean bronnta air nó uirthi faoi shocruithe do luathscor deonach (seachas an Scéim Dreasachta Luathscóir (ISER) nó Ciorclán 7/2010 VER/VRS ón Roinn Sláinte, nó Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a fhágfaidh nach mbeidh duine incháilithe don chomórtas), beidh deireadh leis an teidlíocht ar an bpinsean sin ó dháta an athcheapacháin. Is féidir ina ainneoin sin socrú speisialta a dhéanamh, maidir leis an tseirbhís a rinne an té a cheaptar roimhe seo a áireamh i ndáil le haon íocaíocht aoisliúntais a mbeidh an té a cheaptar ina theideal san am atá le theacht.

### **Ciorclán 102/2007 na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscóir do Mhúinteoirí**

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscóir do Mhúinteoirí. Is coinníoll de chuid na Scéime Luathscóir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach in ailt 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht ciorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den Scéim seo agus má fhostaítear é in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin Scéim. Cuirfear tús arís le híocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe sin san áireamh nuair a bheidh an íocaíocht pinsin á ríomh).

### **Scor mar gheall ar Easláinte**

Tabhair do d'aire gurb amhlaidh, i gcás duine ar bith a scoir roimhe seo de dheasca easláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais, go bhfuil ceanglas air/uirthi a dhearbú don eagraíocht a bhfuil an comórtas earcaíochta á reáchtáil acu, sa chéim iarratais thosaigh, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil aige/aici.

Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis go ndéanfar measúnú ar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a thabhairt, agus aird á tabhairt ar an gcoinníoll a d'fhág go raibh siad incháilithe scor de dheasca easláinte.

**Ceapachán i ndiaidh scor ón tSeirbhís Phoiblí de dheasca easláinte:**

Sa chás go n-éireoidh le hiarratas an iarratasóra sa chomórtas, ba chóir dó a bheith ar an eolas faoin méid seo a leanas:

1. Sa chás go measfar an t-iarratasóir a bheith folláin chun seirbhís rialta agus éifeachtach a thabhairt agus go sannfar do phost é, beidh deireadh lena phinsean de dheasca easláinte ón Státseirbhís.
2. Sa chás go dteipfidh ar an iarratasóir an tréimhse phromhaidh a thabhairt chun críche nó sa chás go gcinneadh sé/sí éirí as an bpost a sannadh dó, ní féidir filleadh ar stádas Scoir de dheasca Easláinte sa Státseirbhís, arbh ann dó sula ndearnadh an t-iarratas, ná ní bheidh teideal ina leith.
3. Déanfar ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair den iarratasóir ar a c(h)eapadh sa chás go raibh briseadh níos mó ná 26 seachtain ina s(h)eirbhís inphinsin sa státseirbhís/sa tseirbhís phoiblí.

#### Ceapachán i ndiaidh scor ón tseirbhís phoiblí de dheasca easláinte:

1. Sa chás gur scoir duine ó chomhlacht sa tseirbhís phoiblí féadfaidh go mbeidh a p(h)insean easláinte ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithnithe ag teacht leis na rialacha maidir le scor de dheasca easláinte faoin scéim sin.
2. Sa chás go n-éiríonn le hiarratasóir, beidh ar an iarratasóir, ar a c(h)eapadh, a dhearbhu cibé an bhfuil pinsean (easláinte nó eile) á fháil aige/aici ón tseirbhís phoiblí agus féadfaidh go mbeidh a bpinsean ón tseirbhís phoiblí faoi réir lacáiste.
3. Déanfar ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair den iarratasóir ar a c(h)eapadh sa chás go raibh briseadh níos mó ná 26 seachtain ina s(h)eirbhís inphinsin sa státseirbhís/sa tseirbhís phoiblí.

Tabhair do d'aire go bhfuil fáil ar fhaisnéis níos mionsonraithe faoi na himpleachtaí dá bpinsean do dhaoine a bhfuil pinsean de dheasca easláinte á fháil acu ón státseirbhís nó ón tseirbhís phoiblí ag an nasc seo nó ar í a iarraidh ón tSeirbhís um Cheapachán Phoiblí.

#### **Fabhrú Pinsin**

Beidh teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh maidir le pinsean sa chás go raibh ballraíocht ag duine i líon is mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí i bhfeidhm roimh ré (i.e. scéim pinsin seachas an Scéim Aonair) i gcomhréir le hAcht na bliana 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain seo faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí, (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. D'fhéadfadh go dtiocfadh sin i bhfeidhm i ndáil le duine a cheaptar ag a bhfuil cearta pinsin cheana féin mar gheall ar fhostaíocht roimhe seo sa tseirbhís phoiblí.

#### **Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais**

Tagann an Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais (RBA) i gceist leis an gceapachán seo i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. **Tabhair ar aird:** Tá aisbhaintí ASC sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) atá de dhíth faoi rialacha do scéime pinsin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil i ndáil leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, féach ar an láithreán gréasáin seo a leanas: [www.singlepensionscheme.gov.ie](http://www.singlepensionscheme.gov.ie)

### **Rúndacht, Príobháideacht agus Caighdeán Iompair: Rúin Oifigiúla agus Ionracas:**

Le linn théarma an chonartha promhaidh, beidh oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Aontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdraithe, cibé acu le linn na tréimhse fostaíochta nó dá éis.

### **Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse:**

Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

### **Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí:**

Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí, maidir leis an gceapachán seo.

### **Ceadú Roimh Ré maidir le Foilseacháin:**

Aontóidh oifigeach gan ábhar maidir le dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan cead roimh ré ó Chathaoirleach an Údaráis nó ó oifigeach eile leis an údarás cuí chuige sin.

### **Gníomhaíocht Pholaitíochta:**

Le linn an téarma fostaíochta, beidh an té a cheapfar faoi réir na rialacha lena rialaítear fostaithe sa státseirbhís agus an pholaitíocht.

### **Tabhair ar aird:**

Mar Fhostóir Rogha, tá a lán polasaithe oibre ag an Státseirbhís atá solúbtha agus báúil don teaghlach, lena n-áirítear roinnt deiseanna chun cianobair a dhéanamh, a dhéantar ar bhonn cumaisc sa Roinn. Faoi Pholasaí na Roinne maidir le hObair Chumaisc, déanfar 40% den obair san oifig agus 60% di ón mbaile, agus is gnách go mbeidh 2 lá san oifig i gceist in aghaidh na seachtaine. Beidh riachtanas i bhfeidhm go dtiocfadh fostaithe isteach san oifig ar laethanta breise de réir mar a theastóidh sé chun riachtanais sonrithne ghnó a shásamh.

Tabhair do d'aire gur féidir le hiarrthóirí a n-éireoidh leo deiseanna solúbtha oibre a iarraidh, mar sin féin, is de rogha an fhostóra é agus déantar cinneadh de réir riachtanais ghnó na heagraíochta, agus ar bhonn cás ar chás.

### **Fógra Tábhachtach**

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt chun aire go bhféadfadh téarmaí agus coinníollacha faoi leith a bheith i bhfeidhm má tharlaíonn, díreach roimh an gceapachán, go bhfuil an té a cheaptar ag fónamh ina státseirbhíseach nó ina s(h)eirbhíseach poiblí.

**Is ionann an méid thuas agus na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe le bheith ina liosta cuimsitheach de théarmaí agus coinníollacha uile na fostaíochta a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir a n-éireoidh leis.**

## **PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS**

Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ag earcú chun an post seo a líonadh faoin gCeadúnas Earcaíochta a d'eisigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus de réir Chód Cleachtais an CCSP.

An Bealach le hlarratas a Dhéanamh:

Ba cheart d'iarratasóirí foirm iarratais chomhlánaithe a chur ar aghaidh ar ríomhphost chuig [personnel@tcagsm.gov.ie](mailto:personnel@tcagsm.gov.ie)

faoin **Dáta Deiridh: 3.00pm 24ú Feabhra 2023**

### **NÍ BHEIDH GLACADH LE HAON IARRATAS A BHÍONN MALL AG TEACHT**

Ní ghlacfar le haon iarratas ó bhíonn dáta deiridh iarratais an chomórtais caite. Is ar an iarratasóir atá de chúram a chinntiú go gcuirtear an t-iarratas faoi bhráid faoin dáta deiridh.

Tá an fhoirm iarratais ar fáil ar láithreán gréasáin Éire Ildánach agus ar láithreán gréasáin na Roinne ag na naisc seo a leanas:

<https://www.creativeireland.gov.ie/>

<https://www.gov.ie/en/organisation-information/02066-career-opportunities-in-the-department-of-tourism-culture-arts-gaeltacht-sport-and-media/>

Tugtar deis d'iarratasóirí, leis an bhFoirm iarratais, a gcuid cáilíochtaí, scileanna nó taithí a mhionsonrú, chomh maith leis an tslí a ndéanann siad sin na bunriachtanais agus na critéir phearsanta a bhaineann leis an bpost seo a shásamh.

### **Tabhair ar aird:**

Ní bhreithneofar ach na hiarratais sin a dhéanfar ar an bhfoirm iarratais oifigiúil. Admhófar gach iarratas.

Ní hionann duine a ghlacadh i gcomórtas, nó cuireadh a thabhairt do dhuine freastal ar agallamh agus a thabhairt le fios go bhfuil an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán sásta go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais.

Reachtálfar na hagallaimh ó chian nó ar an láthair. Ní mór d'iarrthóirí a chinntiú go mbeidh siad ar fáil, má thugtar cuireadh chun agallaimh dóibh, ar an dáta (dátaí) sonraithe agus a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála a cuireadh ar fáil ceart.

## **An Próiseas Roghnúcháin**

D'fhéadfadh gearrliostú iarrthóirí ar bhonn na foirme iarratais a bheith mar chuid den phróiseas roghnúcháin chomh maith le hagallamh ina dhiaidh sin.

### **Gearrliostú**

Beidh painéal saineolaithe i gceist le próiseas gearrliostaithe a roghnóidh iarrthóirí le haghaidh agallaimh ar dealraitheach gurb iad na hiarrthóirí is oiriúnaí don phost, bunaithe ar scrúdú ar an bhfoirm iarratais agus í a mheas i gcoinne na riachtanas riachtanach agus na dtréithe pearsanta a theastaíonn.

### **Agallamh**

Glaofar na hiarrthóirí a bheidh gearrliostaithe chun agallamh a chuirfidh painéal de shaineolaithe orthu.

Is ar an láthair a reáchtálfar agallaimh agus cuirfear na socrúithe agallaimh in iúl do na hiarrthóirí a luaithe is féidir. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh ar an iarrthóir cur i láthair a dhéanamh san agallamh.

Díreofar san agallamh ar an tslí a gcomhlíonann an t-iarrthóir bunriachtanais agus critéir phearsanta an phoist agus ar a ngairm bheatha agus ar a dtaithe go dtí seo.

Is faoi na hiarrthóirí féin a bheidh sé a chinntiú go mbeidh siad ar fáil don agallamh de réir mar a chuirtear in iúl dóibh.

### **Painéal**

Féadfar painéal a bhunú óna bhféadfar ceapacháin a dhéanamh. Cuirfear iarrthóirí ar an eolas faoi thorthaí an chomórtais chomh luath agus is féidir i ndiaidh an phróisis agallaimh. Ní bheidh aon éileamh ar cheapacháin a fháil ag iarrthóirí nach gceapfar iad nuair a théann an painéal in éag toisc go raibh siad ar an bpainéal.

### **Athbhreithniú**

Nósanna imeachta maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin - Breithneoidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán iarrataí ar athbhreithnithe i gcomhréir leis an bhforáil sna cóid chleachtas a d'fhoilsigh an CPSA. Tá na Cóid Chleachtas le fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. <http://www.cpsa.ie/>

### **Nuair a mheastar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar**

Ní bheidh aon éileamh eile chun a mbreithnithe ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh mar is gá nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise a theastaíonn ón Roinn i dtaca le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

### **Aiseolas d'iarrthóirí**

Tabharfar aiseolas scríofa d'iarrthóirí ach é a iarraidh i scríbhinn.



## **Rúndacht**

Tabhair do d'aire go nglacfar le haon sonraí pearsanta mar sonraí rúnda de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 agus fhorálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí de chuid AE.

## **Sláinte agus Charachtar**

Déanfar oiriúnacht iarrthóra maidir le sláinte agus carachtar a dheimhniú ar an bpost a thairiscint agus beidh aon cheapachán faoi réir sláinte agus carachtar iarrthóra a bheith sásúil. Iarrfaidh an Roinn teistiméireachtaí carachtair, ó fhostóirí roimhe sin de ghnáth, sula ndéanfar ceapachán. Forchoimeádann an Roinn an ceart chun iarrthóir a chur ar aghaidh chuig seirbhís sláinte ceirde na státseirbhíse sula ndéanfar an tairiscint deiridh fostaíochta.

## **Seiceáil Slándála**

D'fhéadfadh go n-iarrfaí Grinnfhiosrúchán de chuid an Gharda a dhéanamh maidir le daoine a mbeifí ag smaoineamh iad a cheapadh i bpost. Beidh ar an iarratasóir foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur ar ais má bhreithnítear é/í le haghaidh ceapacháin. Déanfar foirmeacha den sórt sin a sheoladh ar aghaidh chuig an nGarda Síochána maidir le seiceáil slándála faoi gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éirinn ag ar chónaigh an t-iarratasóir.

## **Cáilíochtaí**

Beidh ar iarrthóirí fianaise ar na cáilíochtaí atá acu a chur ar fáil más gá don chomórtas seo.

## **Faisnéis Thábhachtach Eile**

Ní bheidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán freagrach as aon speansais a thaibheoidh iarrthóirí a aisíoc. Ní hionann duine a cheadú i gcomórtas, nó cuireadh a thabhairt do dhuine freastal ar agallamh agus a thabhairt le fios go bhfuil an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an chomórtais nó nach mbeadh an duine sin dícháilithe ar fhoras dlí a bheith sa phost agus ní hionann sin agus barántas go ndéanfar iarratas an duine sin a bhreithniú tuilleadh. Is den tábhacht duitse, dá réir sin, a thabhairt do d'aire gur ort féin atá de chúram a chinntiú go sásaítear coinníollacha incháilitheachta an chomórtais sula dtagann tú i láthair ag agallamh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála ach go bhfreastalaíonn tú ar agallamh mar sin féin, beidh tú ag cur costas nach bhfuil gá leis ort féin. Sula molfar aon iarrthóir lena c(h)eadadh sa phost seo, déanfaidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán gach fiosrú a meastar a bhfuil gá leo chun oiriúnacht an iarrthóir sin a chinneadh. Ní féidir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh, agus ní féidir a mheas nó a thabhairt le tuiscint go ndearnadh cinneadh den sórt sin, go dtí go dtabharfar gach céim den phróiseas earcaíochta chun críche go hiomlán. Sa chás go ndiúltaíonn an duine a mholtar maidir lena cheapadh sa phost, nó sa chás go mbeadh an post glactha aige, scartha leis nó go dtiocfadh folúntas eile chun cinn, is féidir leis an Roinn, dá rogha

féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

### **Oibleagáidí iarrthóirí**

Ba cheart go dtabharfadh iarrthóirí dá n-aire go ndícháileofar iad agus go n-eiseofar iad ón bpróiseas ceapacháin sa chás go ndéanann siad canbhasáil.

Ní ceadmhach d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach nó go meargánta.
- aon duine a chanbhasáil, trí aslú nó gan aslú
- pearsanú a dhéanamh ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas
- cur isteach ar an bpróiseas nó amhras a tharraingt air ar aon bhealach.

Aon duine a sháróidh na forálacha thuas nó a chuideoidh le duine eile na forálacha thuas a shárú, beidh sé nó sí ciontach i gcion. Aon duine a chiontófar i gcion, dlífeair fíneáil nó príosúnacht a chur air nó uirthi. Ina theannta sin, más rud é, maidir le duine a chiontófar i gcion, go raibh sé nó sí nó go bhfuil sé nó sí ina iarrthóir nó ina hiarrthóir i bpróiseas earcaíochta:

- sa chás nár cheapadh é/í i bpost, dícháileofar é nó í mar iarrthóir.
- sa chás gur cheapadh é/í i ndiaidh an phróisis earcaíochta, caillfidh sé/sí an ceapachán sin.

### **Cóir Speisialta**

Sa chás go mbeadh cóir speisialta de dhíth ort i ndáil le gné ar bith den chomórtas seo, bheifí buíoch díot ach sin a chur in iúl don Aonad Acmhainní Daonna sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán trí ríomhphost a sheoladh chuig [personnel@tcagsm.gov.ie](mailto:personnel@tcagsm.gov.ie)